Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10491 — Allianz/Intelsat)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 8/04)

1. An 21 Nollaig 2021 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([1]) ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Allianz SE ("Allianz", AN GHEARMÁIN),

— Intelsat Holdings S.A. ("Intelsat", SAM)

Faigheann Allianz rialú aonair ar Intelsat ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Allianz: is é Allianz máthairchuideachta dheiridh an ghrúpa Allianz, cuideachta seirbhísí airgeadais dhomhanda atá gníomhach den chuid is mó i réimse an árachais saoil agus an árachais neamhshaoil agus i mbainistíocht sócmhainní,

— i gcás Intelsat: líonraí satailítí, líonraí talún agus bonneagar nascachta a oibriú agus seirbhísí cumarsáide éagsúlaithe a sholáthar do chustaiméirí ar nós oibreoirí teileachumarsáide, cuideachtaí meán agus soláthraithe seirbhísí idirlín. Úsáideann Intelsat a chuid satailítí mar stáisiúin leaschraolta sa spás chun cumarsáid ghutha, físe agus sonraí a tharchur.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10491 — Allianz/Intelsat

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs: +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË